Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13779/23

LIMITE

PECHE 410

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0301(NLE)

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2024 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile<br>- Comhaontú polaitiúil |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Comhairle an 28 Lúnasa 2023[1]. Thíolaic sí páipéar leathoifigiúil an 19 Meán Fómhair ina raibh nuashonruithe ar an togra maidir le scadán Mhurascaill na Boitnia, scadán Mhuir Bhailt Thiar agus Láir, trosc Mhuir Bhailt Thoir agus Thiar, agus maidir le leathóga agus saláin[2] chomh maith; níl ar lár ach an TAC don troisc Ioruach toisc gur foilsíodh an chomhairle eolaíoch an 9 Deireadh Fómhair, agus dá réir sin tíolacfaidh an Coimisiún páipéar leathoifigiúil sa tréimhse roimh Chomhairle an 23 agus an 24 Deireadh Fómhair.

[1] 12451/23 + ADD 1.
[2] 12996/23.

2. I bhfianaise staid an scadáin, molann an Coimisiún laghdaithe suntasacha ar na TACanna i gcás **gach ceann de na ceithre stoc scadán**. Go háirithe, agraíonn sé Airteagal 4(6) den Phlean Ilbhliantúil do Mhuir Bhailt[3] chun a mholadh go ndúnfaí iascaigh spriocdhírithe scadán i **Muir Bhailt Láir** (foranna 25-27, 28.2, 29 agus 32) agus i **Murascaill na Boitnia** (foranna 30-31), chomh maith le cosc leanúnach a chur ar iascaigh spriocdhírithe i **Muir Bhailt Thiar** (foranna 22-24), agus molann sé gan ach TACanna a shocrú le haghaidh foghabhálacha.

3. Ina theannta sin, i bhfianaise na heaspa feabhais i staid na dtrosc, molann an Coimisiún leanúint de bheith ag socrú TACanna foghabhála **i gcás an dá stoc troisc**, agus géarlaghdú i gcás **throsc Mhuir Bhailt Thiar** (foranna 22-24).

4. I gcás **bradáin sa phríomh-imchuach** (foranna 22-31), molann an Coimisiún TAC laghdaithe agus srian breise a chur le hiascaigh chósta. I gcás **salán** (foranna 22-32) molann sé TAC laghdaithe freisin, go bunúsach chun an fhoghabháil scadán a íoslaghdú.

5. Maidir leis na stoic nár luadh fós, molann an Coimisiún tar-rolladh i gcás na **leathóige** (foranna 22-32), ach is é **bradán Mhurascaill na Fionlainne** (foroinn 32) an t-aon stoc amháin a bhfuil TAC méadaithe beartaithe aige ina leith.

6. Ní gá tuairim a fháil ó Pharlaimint na hEorpa ná ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (Airteagal 43(3) CFAE).

7. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 7 agus an 21 Meán Fómhair agus an 5 Deireadh Fómhair. Is féidir na tuairimí i scríbhinn a thug na toscaireachtaí a cheadú in 13056/23 + ADD 1-3.

8. Le linn an phlé a rinneadh sa Mheitheal, chuir roinnt mhaith toscaireachtaí ina choinne go rachfaí ar iontaoibh **Airteagal 4(6) de Phlean Ilbhliantúil Mhuir Bhailt** mar bhonn chun iascaireacht spriocdhírithe stoc áirithe scadáin a thoirmeasc. Chuir na toscaireachtaí in iúl go gcaithfear TAC a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch bunaithe ar an uastáirgeacht inbhuanaithe agus i gcomhréir leis an bPlean Ilbhliantúil do Mhuir Bhailt, ach an tionchar socheacnamaíoch in earnáil an iascaigh á chur san áireamh.

---

[3] Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle.



PUBLIC

9. Chuir roinnt toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach maidir leis an togra iomlán. Chuir DK agus LT forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha in iúl.

10. D'eagraigh an Uachtaránacht cruinnithe tríthaobhacha teicniúla an 10 Deireadh Fómhair leis an gCoimisiún agus leis na toscaireachtaí lena mbaineann chun na saincheisteanna atá fós gan réiteach a shoiléiriú.

11. Creideann an Uachtaránacht gur cheart an plé agus an cinneadh críochnaitheach a bheith faoi threoir na bprionsabal seo a leanas:

- tiomantas láidir do chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) mar a leagtar síos in Airteagal 2 den Rialachán maidir le CBI[4] iad, lena n-áirítear an uastáirgeacht inbhuanaithe agus cuspóirí socheacnamaíocha CBI a bhaint amach;

- Forálacha phlean ilbhliantúil Mhuir Bhailt a chomhlíonadh;

- Cinntí a bhunú ar an gcomhairle eolaíoch.

12. Creideann an Uachtaránacht freisin go mbeidh gá le hiarrachtaí leanúnacha trí BALTFISH chun teacht ar réiteach comhthola ar an leibhéal réigiúnach.

## II. STAID NA hIMEARTHA

### a. Na príomh-shaincheisteanna nár réitíodh fós

13. I gcás **scadáin i Muir Bhailt Láir** (foranna 25-27, 28.2, 29, 32), molann an Coimisiún, de bhun Airteagal 4(6) de Phlean Ilbhliantúil Mhuir Bhailt, TAC le haghaidh foghabhálacha amháin (28 550 tona). Is é atá i gceist leis sin laghdú 60 % i gcomparáid le 2023, ós rud é go bhfuil dóchúlacht os cionn 5 % ann go bhfanfaidh an stoc faoi bhun an phointe tagartha Blim in 2025. Ina ionad sin, bheadh na toscaireachtaí uile lena mbaineann, nach mór, toilteanach breathnú ar bhearta feabhais, agus é a thabhairt dá n-aire go leagtar amach raon d'iascaigh spriocdhírithe sa chomhairle eolaíoch.

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).



PUBLIC

14. I gcás **scadáin i Murascaill na Boitnia** (foranna 30-31), agraíonn an Coimisiún Airteagal 4(6) de Phlean Ilbhliantúil Mhuir Bhailt, chun TAC le haghaidh foghabhálacha amháin (1000 tona) a mholadh. Is é atá i gceist leis sin laghdú 99 % i gcomparáid le 2023, ós rud é go bhfuil dóchúlacht os cionn 5 % ann go dtitfidh an stoc faoi bhun Blim. Ina ionad sin, bheadh an dá thoscaireacht lena mbaineann toilteanach breathnú ar bhearta feabhais, agus é a thabhairt dá n-aire go soláthraítear raon d'iascaigh spriocdhírithe sa chomhairle eolaíoch.

15. Maidir leis **an scadán i Muir Bhailt Thiar** (foranna 22-24), molann an Coimisiún laghdú 50 % a dhéanamh ar an TAC le haghaidh foghabhálacha amháin (394 tona) atá ann cheana agus deireadh a chur leis an maolú d'iascaigh ar mionscála, agus Airteagal 4(6) de Phlean Ilbhliantúil Mhuir Bhailt á agairt aige arís. D'iarr dhá thoscaireacht go mbeadh TAC foghabhála níos airde ann chun 'feiniméan na dtachtspeiceas' a sheachaint, agus tá an dá thoscaireacht eile lena mbaineann i gcoinne deireadh a chur leis an maolú.

16. I gcás **bradáin i bpríomh-imchuach Mhuir Bhailt** (foranna 22-31), molann an Coimisiún laghdú 15 % a dhéanamh ar an TAC foghabhála atá ann cheana agus an maolú d'iascaigh chósta dhírithe shamhraidh a theorannú d'fhoroinn 31, toisc go bhfuil abhainnstoc bradáin amháin i bhforoinn 30 faoi bhun an phointe tagartha ábhartha. Tá dhá thoscaireacht i gcoinne theorannú na n-iascach cósta. Tá toscaireacht amháin ag breathnú ar mhalartú deiseanna iascaireachta a mholadh sa phríomh-imchuach. Ina theannta sin, iarrann roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí na rialacha maidir le **hiascaigh bradáin áineasa** a shimpliú, go háirithe maidir leis an idirdhealú idir bradáin fhiáin agus bradáin a bhfuil eití orthu.

17. Maidir leis an **salán** (foranna 22-32), molann an Coimisiún laghdú 23 % ar an TAC sin (171 815 tona), agus an pointe is ísle i raon Fmsy a roghnú chun an fhoghabháil scadán a íoslaghdú. Tacaíonn roinnt toscaireachtaí le TAC níos airde, i gcomhréir leis an gcomhairle.

**b. Saincheisteanna eile**

18. Maidir le **troisc i Muir Bhailt Thiar** (foranna 22-24), molann an Coimisiún laghdú 72 % ar an TAC foghabhála atá ann cheana, agus é á shocrú ar leibhéal na ngabhálacha arna dtuairisciú in 2022 (136 thona). D'iarr roinnt toscaireachtaí an TAC is airde sin ann chun 'feiniméan na dtachtspeiceas' a sheachaint.

19. I gcás **scadáin Mhurascaill Ríge** (foroinn 28.1), molann an Coimisiún laghdú 20 % (36 514 thona), agus roghnaíonn sé gan an breis is gnách a chur leis chun gabhálacha scadán láir sa limistéar a chur san áireamh, mar gheall ar dhrochstaid stoc scadáin Mhuir Bhailt Láir. Measann toscaireacht amháin go mbeadh tionchar aige sin ar an gcobhsaíocht choibhneasta agus, dá bhrí sin, iarrann sí go gcoinneofaí an méid breise sin.

## III. AN BEALACH CHUN CINN

20. Creideann an Uachtaránacht go bhféadfar teacht ar chomhaontú maidir leis na TACanna éagsúla agus leis na bearta breise **mar chuid de phacáiste foriomlán**. Tá amhras ar na toscaireachtaí uile maidir leis an léirmhíniú dífhasaigh ar phlean ilbhliantúil Mhuir Bhailt, agus tá formhór na dtoscaireachtaí lena mbaineann toilteanach aghaidh a thabhairt ar staid stoic Mhuir Bhailt, lena n-áirítear trí bhearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm.

21. Measann an Uachtaránacht gur féidir teacht ar chomhréiteach má léireoidh na páirtithe uile solúbthacht. Is é an tuiscint atá aici freisin go bhfuil poitéinseal nach beag ag an bplé a dhéanfar ag BALTFISH.

22. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a thuairimí a thabhairt, go háirithe maidir leis na saincheisteanna a leagtar amach faoi chuid II, d'fhonn comhaontú polaitiúil a ullmhú ar leibhéal na Comhairle.

PUBLIC